Cúrsaí Spóirt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúrsaí spóirt. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, féach ar na focail thíos – cén spórt lena mbaineann siad? An féidir leat cur leis an stór focal a bhaineann leis an dá spórt seo?

A. Preabchúl, clibirt: _____
B. Buille, par: _____

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. Cén fáth a bhfuil cúrsaí rugbaí sa nuacht faoi láthair?
2. Cén fáth ar cuireadh John Hayes den Pháirc?
3. Cé a bhuaigh an cluiche Dé Sathairn agus cén scór a bhí ann?
4. Cé as don fhear a bhuaigh Craobh Dunhill Links?
5. Cén fáth ar theip ar Rory McIlroy an cluiche a bhuachan?

Ceist 3 '…an dara poll déag…' ach an dara duine dhéag

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an fhocal déag thuas? Pléigh an scéal leis an duine in aice leat. Mura bhfuil tú cinnte, cabhróidh an teagascóir leat.

Anois an féidir leat féin agus an duine in aice leat an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní a sholáthar?

1. dhá (cóta) (déag): _____
2. seacht (gloine) (déag): _____
3. naoi (bord) (déag): _____
4. sé (teach) (déag): _____
5. trí (bád) (déag): _____
6. ocht (leabhar) (déag): _____
7. ceithre (cruinniú) (déag): _____
8. seacht (seomra) (déag): _____
9. sé (aiste) (déag): _____
10. naoi (bliain) (déag): _____

Ceist 4 (a) '…rugbaí na hEorpa…'

Tá an focal 'Eoraip' sa tuiseal _____ thuas?

Cuir na cúigí a bhí le cloisteáil sa mhír sa tuiseal céanna:

Cúige _____
Cúige _____
Cúige _____

(b) Anois an féidir libh na bearnaí seo a líonadh? Tá an chéad cheann déanta duit.

1. Éire:	ar fud na hÉireann
2. Sasana:	ar fud _____
3. An Fhrainc:	ar fud na _____
4. An Albain:	ar fud na _____
5. An Spáinn:	ar fud na _____
6. An Ghearmáin:	ar fud na _____
7. An Iodáil:	ar fud na _____
8. An Danmhairg:	ar fud na _____
9. An Pholainn:	ar fud na _____

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine i do ghrúpa:

An bhfuil aon suim agat i gcúrsaí spóirt? Cén spórt?
Cad a dhéanann tú i d'am saor?
Cén bhaint atá ag spórt le tírghrá?
Cad atá le rá agat faoi úsáid na ndrugaí i gcúrsaí spóirt?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Rugbaí
Preabchúl – drop goal
Clibirt – scrum
Úd – try
As cóir – offside
Síneadh amach – line out
Pionós – penalty
Téigh i ngleic le – tackle

Galf
Birdie – riabhóg/éanán
Bogey – bógaí
Handicap – buntáiste
Hole - poll

Ceist 2

1. Cén fáth a bhfuil cúrsaí rugbaí sa nuacht faoi láthair?
   Tá tús curtha le Corn Rugbaí na hEorpa agus séasúr rugbaí na bliana.
2. Cén fáth ar cuireadh John Hayes den Pháirc?
   Bhuail sé Cian Healy sa cheann lena bhuatais.
3. Cé a bhuaigh an cluiche Dé Sathairn agus cén scór a bhí ann?
   Cúige Laighean. 30-0
4. Cé as don fhear a bhuaigh Craobh Dunhill Links?
   As Sasana.
5. Cén fáth ar theip ar Rory McIlroy an cluiche a bhuachan?
   D'éalaigh ceann de na buillí sin arís uaidh áfach ar an dara poll déag agus ceann eile lena chois sin ar an 17ú poll déag.

Ceist 3

Cuirtear séimhiú ar an fhocal déag má leanann sé ainmfhocal rialta a chríochnaíonn le guta. Is iad na hainmfhocail mhírialta is tábhachtaí ná "bliain", "ceann", "uair" agus "seachtain".* Ní chuirtear séimhiú ar déag i ndiaidh na bhfocal sin, fiú má chríochnaíonn siad le guta.

*Téigh siar ar na hainmfhocail seo:

bliain: dhá bhliain, 3-6 bliana, 7-10 mbliana
ceann: dhá cheann, 3-6 cinn, 7-10 gcinn
uair: dhá uair, 3-6 huaire, 7-10 n-uaire
seachtain: dhá sheachtain, 3-10 seachtaine nó seachtainí

1. dhá (cóta) (déag):	*dhá chóta dhéag*
2. seacht (gloine) (déag):	*seacht ngloine dhéag*
3. naoi (bord) (déag):	*naoi mbord déag*
4. sé (teach) (déag):	*sé theach déag*
5. trí (bád) (déag):	*trí bhád déag*
6. ocht (leabhar) (déag):	*ocht leabhar déag*

7. ceithre (cruinniú) (déag): *ceithre chruinniú dhéag*
8. seacht (seomra) (déag): *seacht seomra dhéag*
9. sé (aiste) (déag): *sé aiste dhéag*
10. naoi (bliain) (déag): *naoi mbliana déag*

Ceist 4 (a)
Tá an focal 'Eoraip' sa tuiseal ginideach.

Cúige Laighean
Cúige Mumhan
Cúige Uladh

Ceist 4 (b)
1. Éire: ar fud na hÉireann
2. Sasana: ar fud Shasana
3. An Fhrainc: ar fud na Fraince
4. An Albain: ar fud na hAlban
5. An Spáinn: ar fud na Spáinne
6. An Ghearmáin: ar fud na Gearmáine
7. An Iodáil: ar fud na hIodáile
8. An Danmhairg: ar fud na Danmhairge
9. An Pholainn: ar fud na Polainne

Ceist 5
Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna anseo a phlé.

Cúrsaí Spóirt

Tá scéalta spóirt an lae anois faoi réir ag Ruairí Mac an Iomaire.

Go raibh míle, míle maith agat a Eimear, agus tosóimid anocht le cúrsaí rugbaí. Seachtain mhór atá ann ar ndóigh, agus an seoladh déanta inniu ar Chorn Rugbaí na hEorpa. An séasúr seo a thosóidh dár ndóigh an deireadh seachtaine seo chugainn. Cúige Laighean, Cúige Mumhan agus Cúige Uladh ar fad san iomaíocht ar ndóigh. Ach is amárach mar sin féin a chloisfidh foireann na Mumhan an mbeidh siadsan i dturas le John Hayes i gceann tamaill nó nach mbeidh. Cuireadh Hayes den pháirc sa gcluiche in éadan na Laighean i Sraith Magners san R.D.S oíche* Dé Sathairn, as a bhuatais a thabhairt anuas ar chloigeann Cian Healy Chúige Laighean, go gairid tar éis leath ama. Bhuaigh Cúige Laighean an cluiche sin go réidh 30 pointe in aghaidh a náid ach tá coiste disciplíneach á reáchtáil i mBéal Feirste tráthnóna amárach le rialú ar an eachtra úd. D'fhéadfaí idir 4 seachtaine agus 8 seachtaine a ghearradh ar fhathach Luimnigh má rialaítear gurb d'aon turas a rinne seisean an bréitse.

Cúrsaí gailf anois agus is é Simon Dyson Shasana a bhuaigh craobh Links Alfred Dunhill i St. Andrews na hAlban inniu. É sin ag fágáil leithéidí McIlroy Thuaisceart Éireann agus Luke Donald go mór faoina scáile.

Luke Donald a bhí chun cinn ar Rory McIlroy Thuaisceart Éireann tús na himeartha, agus cé gur éirigh le fear óg na hÉireann dul chun cinn réasúnta a dhéanamh, é ag aimsiú éanán ar an 3ú ,ar an 5ú, ar an 7ú agus ar an 9ú poll chun é a thabhairt chuig 18 faoin bpar. D'éalaigh ceann de na buillí sin arís uaidh áfach ar an dara poll déag agus ceann eile lena chois sin ar an 17ú poll déag. Tharraing sé an buille úd sin ar ais áfach ar an bpoll deireanach le sroicheadh seacht mbuille dhéag faoin bpar. Scór maith i gcónaí.

**san oíche* a deirtear